**An Bhruiséil, 3 Feabhra 2022
(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0019(NLE)**

**5950/22
ADD 1**

**UD 16**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Feabhra 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 29 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna Coistí Teicniúla um Luacháil Chustaim agus um Rialacha Tionscnaimh, arna mbunú faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Custaim, maidir le glacadh tuairimí comhairleacha, tráchtaireachtaí, nótaí míniúcháin, cás-staidéar, staidéar agus gníomhartha den sórt sin a bhaineann le hearraí allmhairithe a luacháil chun críoch custaim faoin gComhaontú maidir le hAirteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a Chur chun Feidhme, agus maidir le glacadh tuairimí comhairleacha, faisnéise agus comhairle agus gníomhartha den sórt sin maidir le tionscnamh earraí a chinneadh faoin gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 29 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 29 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.2.2022
COM(2022) 29 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna Coistí Teicniúla um Luacháil Chustaim agus um Rialacha Tionscnaimh, arna mbunú faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Custaim, maidir le glacadh tuairimí comhairleacha, tráchtaireachtaí, nótaí míniúcháin, cás-staidéar, staidéar agus gníomhartha den sórt sin a bhaineann le hearraí allmhairithe a luacháil chun críoch custaim faoin gComhaontú maidir le hAirteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a Chur chun Feidhme, agus maidir le glacadh tuairimí comhairleacha, faisnéise agus comhairle agus gníomhartha den sórt sin maidir le tionscnamh earraí a chinneadh faoin gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh**

# IARSCRÍBHINN

## 1. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna Coistí Teicniúla um Luacháil Chustaim agus um Rialacha Tionscnaimh, arna mbunú faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Custaim, maidir le glacadh tuairimí comhairleacha, tráchtaireachtaí, nótaí míniúcháin, cás-staidéar, staidéar, agus gníomhartha den sórt sin a bhaineann le hearraí allmhairithe a luacháil chun críoch custaim faoin gComhaontú maidir le hAirteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a chur chun feidhme, agus maidir le glacadh tuairimí comhairleacha, faisnéise agus comhairle, agus gníomhartha den sórt sin a bhaineann le tionscnamh earraí a chinneadh faoin gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh.

### 1.1. PRIONSABAIL

Faoi chuimsiú na gCoistí Teicniúla um Luacháil Chustaim agus um Rialacha Tionscnaimh, arna mbunú faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Custaim, déanfaidh an tAontas mar a leanas:

(a) cuirfidh sé chun cinn agus éascóidh sé luacháil earraí allmhairithe chun críoch custaim, agus léirmhíniú agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Chomhaontaithe maidir le hAirteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a Chur chun Feidhme (an Comhaontú maidir le Luacháil Chustaim) agus rannchuideoidh sé leis an méid sin;

(b) cuirfidh sé chun cinn agus éascóidh sé cinneadh tionscnaimh earraí, agus léirmhíniú agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Chomhaontaithe maidir le Rialacha Tionscnaimh agus rannchuideoidh sé leis an méid sin;

(c) oibreoidh sé i dtreo rannpháirtíocht iomchuí na bpáirtithe leasmhara sa tréimhse ullmhúcháin le haghaidh tuairimí comhairleacha, tráchtaireachtaí, nótaí míniúcháin, cás-staidéir, staidéir, faisnéis nó comhairle maidir le haon ábhar, nó gníomhartha eile den sórt sin ón gCoiste Teicniúla um Luacháil Chustaim agus ón gCoiste Teicniúla um Rialacha Tionscnaimh agus a áirithiú go bhfuil na tuairimí comhairleacha, tráchtaireachtaí, nótaí míniúcháin, cás-staidéir, staidéir, faisnéis nó comhairle maidir le haon ábhar, nó gníomhartha eile den sórt sin a ghlacfar sna Coistí Teicniúla sin i gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Luacháil Chustaim agus leis an gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh, faoi seach;

(d) áiritheoidh sé go mbeidh na bearta a ghlacfar sa Choiste Teicniúil um Luacháil Chustaim comhsheasmhach leis an Réamhthráchtaireacht Ghinearálta a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Luacháil Chustaim agus leis na Nótaí Léirmhínitheacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Luacháil Chustaim;

(e) cuirfidh sé chun cinn seasaimh atá comhsheasmhach le beartais agus dea-chleachtais an Aontais, lena n-áirítear an cuspóir maidir le leasanna airgeadais an Aontais chomh maith le gealltanais idirnáisiúnta eile an Aontais sa réimse lena mbaineann a chosaint;

## 1.2. CRITÉIR

Na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais:

(a) leagfar síos iad de réir an Chomhaontaithe maidir le Luacháil Chustaim, an Réamhthráchtaireacht Ghinearálta a ghabhann leis agus na Nótaí Léirmhínitheacha a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis, a mhéid a bhaineann le hearraí allmhairithe a luacháil chun críoch custaim;

(b) leagfar síos iad de réir an Chomhaontaithe maidir le Rialacha Tionscnaimh, a mhéid a bhaineann le tionscnamh earraí a chinneadh;

(c) i gcás inarb infheidhme, cuirfear an méid seo a leanas san áireamh:

– cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bhaineann le luach earraí chun críoch custaim agus le tionscnamh earraí,

– ionstraimí a ghlac an Coiste Teicniúil um Luacháil Chustaim agus an Coiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh agus atá infheidhme fós,

– forálacha dlíthiúla an Aontais maidir le luach earraí chun críoch custaim agus maidir le tionscnamh earraí,

– na hionstraimí treoraíochta a bhaineann le luach earraí chun críoch custaim arna bhforbairt faoi chuimsiú Rannóg Luachála an tSainghrúpa Custaim;

– na hionstraimí treoraíochta a bhaineann le tionscnamh earraí arna bhforbairt faoi chuimsiú Rannóg Tionscnaimh an tSainghrúpa Custaim;

– aon ghníomh dlí nó treoirlíne eile a bhaineann le luacháil chustaim agus tionscnamh earraí arna bhforbairt ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún.

## 1.3. TREOSHUÍOMHANNA

(a) I gcás inarb iomchuí, féachfaidh an tAontas le tacú le tuairimí comhairleacha, tráchtaireachtaí, nótaí míniúcháin, cás-staidéir, staidéir, faisnéis agus comhairle, nó gníomhartha den sórt sin a bhaineann le hearraí allmhairithe a luacháil chun críoch custaim, agus le cinneadh maidir le tionscnaimh earraí, faoi seach, d'fhonn, ar an leibhéal teicniúil, aonfhoirmeacht a áirithiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le Luacháil Chustaim agus an Chomhaontaithe maidir le Rialacha Tionscnaimh.

(b) I gcás inarb iomchuí, molfaidh agus ullmhóidh an tAontas ionstraimí, mar a thagraítear dó sin i bpointe (a).

## 2. SONRAÍOCHT AN tSEASAIMH A GHLACFAR THAR CEANN AN AONTAIS LAISTIGH DE NA COISTÍ TEICNIÚLA UM LUACHÁIL CHUSTAIM AGUS UM RIALACHA TIONSCNAIMH, ARNA MBUNÚ FAOI CHOIMIRCE NA hEAGRAÍOCHTA DOMHANDA CUSTAIM, MAIDIR LE GLACADH TUAIRIMÍ COMHAIRLEACHA, TRÁCHTAIREACHTAÍ, NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN, CÁS-STAIDÉAR, STAIDÉAR, AGUS GNÍOMHARTHA DEN SÓRT SIN A BHAINEANN LE hEARRAÍ ALLMHAIRITHE A LUACHÁIL CHUN CRÍOCH CUSTAIM FAOIN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE LUACHÁIL CHUSTAIM AGUS MAIDIR LE GLACADH TUAIRIMÍ COMHAIRLEACHA, FAISNÉISE AGUS COMHAIRLE, AGUS GNÍOMHARTHA EILE A BHAINEANN LE TIONSCNAMH EARRAÍ A CHINNEADH FAOIN COMHAONTÚ MAIDIR LE RIALACHA TIONSCNAIMH.

1. Roimh gach cruinniú den Choiste Teicniúil um Luacháil Chustaim nó den Choiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh a n-iarrfar ar an gCoiste Teicniúil um Luacháil Chustaim nó ar an gCoiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh lena linn tuairimí comhairleacha, tráchtaireachtaí, nótaí míniúcháin, cás-staidéir, staidéir, faisnéis agus comhairle, agus gníomhartha den sórt sin a bhfuil éifeacht dhlíthiúil leo ar an Aontas a ghlacadh, glacfar na céimeanna is gá ionas go gcuirfear san áireamh an fhaisnéis theicniúil agus an fhaisnéis ábhartha eile is déanaí a tarchuireadh chuig an gCoimisiún, i gcomhréir leis na prionsabail, critéir agus treoshuíomhanna a leagtar amach i Roinn I. Chun cearta agus leasanna an Aontais laistigh den Eagraíocht Dhomhanda Custaim a chaomhnú, tabharfaidh an Coimisiún dá aire go háirithe go mbeidh fáil ar dhoiciméid oibre i gcomhréir le rialacha nós imeachta an Choiste Theicniúil um Luacháil Chustaim agus an Choiste Theicniúil um Rialacha Tionscnaimh.

2. Chuige sin, agus bunaithe ar an bhfaisnéis sin, tarchuirfidh an Coimisiún chuig an gComhairle, in am trátha roimh gach cruinniú den Choiste Teicniúil um Luacháil Chustaim agus den Choiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh dá dtagraítear i bpointe (1), doiciméad i scríbhinn ina leagfar amach sonraí na sonraíochta atá beartaithe maidir le seasamh an Aontais agus atá le plé ionas go bhformhuineofar sonraí an tseasaimh atá le cur in iúl thar ceann an Aontais. Scrúdóidh an Chomhairle doiciméid an Choimisiúin a luaithe agus is féidir. Mura bhformhuineoidh an Chomhairle cuid shonrach den togra, ní thíolacfaidh an Coimisiún seasamh thar ceann an Aontais maidir leis an gcuid sin ag an gCoiste Teicniúil um Luacháil Chustaim nó ag an gCoiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh.

3. I gcás ina mbeidh difear, ó thaobh substainte de, idir an seasamh ón Aontas agus na tuairimí comhairleacha, na tráchtaireachtaí, na nótaí míniúcháin, na cás-staidéir, na staidéir agus gníomhartha den sórt sin a mholtar sa Choiste Teicniúil um Luacháil Chustaim nó idir seasamh an Aontais agus tuairimí comhairleacha, faisnéis agus comhairle, agus gníomhartha den sórt sin a mholtar sa Choiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh, is é an seasamh a chuirfidh an Coimisiún in iúl thar ceann an Aontais nach gcomhlíonann an gníomh i gceist an chomhthoil is gá le go nglacfadh an Coiste Teicniúil um Luacháil Chustaim nó an Coiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh é.

4. Chun cearta an Aontais a chaomhnú agus chun cinneadh a sheachaint maidir le hábhar nach féidir leis an gComhairle seasamh a ghlacadh ina leith sula n-iarrtar ar bhaill an Choiste Theicniúil um Luacháil Chustaim agus an Choiste Theicniúil um Rialacha Tionscnaimh a seasamh críochnaitheach a chur in iúl maidir le glacadh tuairimí comhairleacha, tráchtaireachtaí, nótaí míniúcháin, cás-staidéar, staidéar,

faisnéise agus comhairle, agus gníomhartha den sórt sin, iarrfaidh an Coimisiún thar ceann an Aontais go leanfar den ghníomh atá beartaithe a phlé sa Choiste Teicniúil um Luacháil Chustaim nó sa Choiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh.

***